Imdhíontaí do dhéagóirí

14 go 18 bliain d'aois

Irish translation of *Teenage immunisations for ages 14 to 18*

Imdhíonadh
cosain do shláinte ar feadh do shaoil

Eolas ar vacsaín úr teiteanais, diftéire agus polaimiailítis

Intreoir

Is le haghaidh déagóirí idir 14 agus 18 bliain d'aois, agus a dtuismitheoirí an treoir seo. Tugann sé eolas maidir le:

- na himdhíontaí a thugtar do dhéagóirí, agus iad fós ar scoil de ghnáth;
- cén fáth a bhfuil gá leis an imdhíonadh seo;
- cad iad na fo-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith leo.

Chomh maith leis sin tugann an treoir seo freagraí ar chuid de na ceisteanna is coitianta maidir leis na himdhíontaí seo.

Má tá ceisteanna ar bith agat nó má tá a thuilleadh eolais uait, labhair leis an bhanaltra sa scoil s'agat, nó leis an dochtúir nó leis an bhanaltra ag an ionad leighis ginearálta s'agat. Fosta is féidir leat cuairt a thabhairt ar: www.immunisation.nhs.uk nó www.dhsspsni.gov.uk/phealth

Cén fáth a mbíonn imdhíonadh de dhith orainn?

Tá sé mar thoradh ar an chlár náisiúnta imdhíonta go bhfuil na haicídí contúirteacha teiteanas, diftéire agus polaimiailíteas imithe ar fad nach mór ón Ríocht Aontaithe. Ach d'fhéadfadh leis na haicídí seo filleadh - tá siad i gcónaí san Eoraip agus ar fud an domhain. Sin an fáth go bhfuil sé chomh tábhachtach sin tú féin a chosaint orthu. Sa Ríocht Aontaithe coinnítear na haicídí seo faoi smacht ag na rátaí arda imdhíonta.

Cad é mar a théann an t-imdhíonadh i bhfeidhm?

Istigh sna vacsaíní bíonn píosa beag den bhaictéar is cúis leis an aicíd, nó mionmhéideanna de na ceimicí a thagann ón bhaictéar. Feidhmíonn na vacsaíní trí chóras imdhíonachta an choirp a spreagadh le hantashubstaintí (substaintí a throideann i gcoinne ionfhabhtuithe agus aicídí) a dhéanamh. Mar sin de má bhíonn tú i dtadhall leis an ionfhabhtú, aithneoidh na antashubstaintí é agus déanfaidh siad tú a chosaint.

An vacsaín Td/IPV

Déanann Td/IPV, a thugtar san aon instealladh amháin, an chosaint a fuair tú mar leanbh ar theiteanas (T), ar dhiftéire (d) agus ar pholaimiailíteas (IPV - vacsaín díghníomhaithe polaimiailítis) a neartú.

Cén fáth a bhfuil an vacsaín Td/IPV nua seo á thabhairt isteach anois?

Ó tharla go bhfuil polaimiailíteas anois glanta amach ar fad ó cheantracha móra ar fud an domhain le clár domhanda vacsaíne, is beag an baol anois go dtabharfar ionfhabhtú pholaimiailítis isteach sa Ríocht Aontaithe. Mar sin de is féidir linn an vacsaín bheo bhéil pholaimiailítis (OPV, a thugtar sa bhéal) a thugann cosaint níos fearr don phobal ar fad a mhalartú leis an vacsaín díghníomhaithe pholaimiailítis (IPV) a thugann cosaint éifeachtach don duine aonair.

Cad iad na haicídí a choscfar ag Td/IPV?

Teiteanas

Is aicíd phianmhar é an teiteanas a théann i bhfeidhm ar na matáin agus is féidir leis fadhbanna análaithe a chruthú. Tarlaíonn ionfhabhtú nuair a fhaigheann frídíní sa chré agus in aoileach isteach sa chorp trí ghearradh nó dó craicinn. Téann teiteanas i bhfeidhm ar an néarchóras lárnach agus is féidir leis bheith marfach.

Diftéire

Is aicíd thromchúiseach í an diftéire a thosaíonn amach de ghnáth le scornach nimhneach agus is féidir leis gabháil ar aghaidh go tapaidh go gcruthaíonn sé fadhbanna análaithe. Is féidir leis damáiste a dhéanamh don chroí agus don néarchóras agus is féidir leis bheith marfach sna cásanna is troime. Sular tugadh an vacsaín diftéire isteach bhí suas le 1,500 cás diftéire i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Polaimiailíteas

Is víreas é an polaimiailíteas a dhéanann ionsaí ar an néarchóras agus is féidir leis pairilis a chur ar na matáin. Má théann sé i bhfeidhm ar mhatáin chliabhraigh nó ar an inchinn, is féidir leis an polaimialíteas an duine a mharú. Sular tugadh an vacsaín polaimiailítis isteach bhí suas le 1,500 cás de phairilis pholaimiailítis i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Ceisteanna coitianta

Má tugadh imdhíonadh dom i gcoinne teiteanais, diftéire agus polaimiailítis agus mé i mo leanbh, an bhfuil cosaint agam go fóill?

Seans go bhfuil cosaint áirithe agat fós. Ach tá an teanndáileog seo de dhith ort leis an ghnáthimdhíonadh s'agatsa a iomlánú agus ar mhaithe le cosaint fhadtéarmach a thabhairt duit.

Ach is é an tseanvacsaín a bhí agam. An mbeadh sé i gceart agam an vacsaín nua seo a bheith agam?

Tá an vacsaín nua comhoiriúnach don seancheann. Beidh lánchosaint agat ach an t-imdhíonadh a bheith agat.

Cá mhéid teanndáileog atá de dhíth orm?

Tá cúig dháileog de na vacsaíní teiteanais, diftéire agus polaimiailíteas ag teastáil ar mhaithe leis an imdhíonacht s'agat a neartú agus a bhuanú. Ba chóir go raibh:

- an chéad trí dháileog agat agus tú i do leanbhán;
- an ceathrú dáileog nuair a bhí tú idir trí agus cúig bliana d'aois, sular thosaigh tú ar ghabháil chun na scoile;
- an cúigiú dáileog anois.

Ní ghnáth go mbeadh níos mó ná cúig dháileog den vacsaín teiteanais, diftéire agus polaimiailítis de dhith ort i rith do shaoil ach b'fhéidir go mbeadh dáileoga breise de dhith ort agus tú ag dul ar cuairt chuig tíortha faoi leith. Déan sin a chinntiú leis an bhanaltra ag an ionad leighis s'agat.

Má cheapann tú nach bhfuair tú aon cheann de na dáileoga s'agatsa labhair le banaltra na scoile nó le do dhochtúir.

Cén dóigh a dtabharfar an teanndáileog Td/IPV dom?

Gheobhaidh tú instealladh amháin i do sciathán uachtarach. Ní maith le duine ar bith instealladh a fháil ach beidh sé iontach gasta. Baintear úsáid as snáthaid bheag ach níor chóir go mothófá ach mionphriocadh bioráin. Má tá tú rud beag néirbhíseach mar gheall ar an instealladh inis an méid sin don bhanaltra nó don dochtúir roimh ré.

An bhfuil fáthanna ar bith nár choir domh an t-imdhíonadh a fháil?

Is beag ar fad na fáthanna nach dtabharfaí an t-imdhíonadh duit. Ba chóir duit eolas a chur ar an dochtúir nó ar an bhanaltra s'agat má:

- tá teocht an-ard nó fiabhras ort;
- bhí taomanna nó trithí ort;
- bhain aon imdhíonadh fhrithghníomh trom asat;
- bhí ailléirge throm agat do aon rud;
- bhí neamhord fuilithe agat;
- bhí aon chóireáil le haghaidh ailse agat;
- tá aon ghalar ort a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonachta (mar shampla leoicéime, VEID nó SEIF);
- tá cógas ar bith á ghlacadh agat a imríonn tionchar ar an chóras imdhíonachta (mar shampla stéaróidí ard-dáileoige nó cóireáil a thugtar tar éis trasphlandáil orgáin nó le haghaidh ailse);
- tá tú ag iompar clainne;
- tá aon ghalar tromchúiseach eile ort.

Ní chiallaíonn sé i gcónaí sna cásanna seo nach féidir imdhíonadh a thabhairt duit ach is cuidiú leis an dochtúir nó leis an bhanaltra an t-eolas agus iad ag roghnú na himdhíontaí is fearr a oireann duit agus más cóir dóibh aon chomhairle eile a thabhairt duit. Ní cúis í in am ar bith stair tinnis an teaghlaigh gan imdhíonadh a thabhairt duit.

An mbíonn fo-éifeachtaí ar bith leis?

Is minic go mbíonn at áirithe agus deargadh áit a mbíonn an t-instealladh agat. In amanna tagann cnapán beag neamhphianmhar ach is gnách go n-imíonn seo taobh istigh de roinnt seachtainí. Is annamh éifeachtaí níos tromchúisí ná seo ach ina measc bíonn fiabhras, tinneas cinn, mearbhall, masmas agus faireoga ata.

Má bhraitheann tú tinn i ndiaidh duit an t-imdhíonadh a fháil is féidir leat paracéiteamól nó iobúpróifein a ghlacadh. Léigh na nótaí treoracha ar an chlúdach go cúramach agus ghlac an dáileog a oireann don aois s'agat. Más gá glac an dara dáileog ceithre nó sé huaire ina dhiaidh sin. Má bhíonn teocht ard ort fós i ndiaidh duit an dara dáileog a ghlacadh, labhair le do dhochtúir.

Cuimhnigh, ná tabhair aspairín in am ar bith do leanaí atá faoi 16 bliain d'aois.

Ba chóir duit insint do do dhochtúir má bhíonn aon fhadbh agat a d'fhéadfadh baint a bheith aici leis an imdhíonadh a fuair tú.

An é seo an t-aon imdhíonadh amháin atá de dhíth orm faoi láthair?

Agus an teanndáileog Td/IPV le fáil agat is fiú go mór duit cinntiú leis an bhanaltra nó leis an dochtúir go bhfuil na imdhíontaí uile agat suas chun dáta, mar shampla MenC agus MMR.

An vacsaín MMR

Tugann MMR cosaint i gcoinne na bruitíní (M), na leicní (M) agus na bruitíní deirge (R; rubella).

Tá sé tábhachtach ach go háirithe a chinntiú go bhfuil an t-imdhíonadh MMR s'agatsa iomlánaithe mar go bhfuil roinnt daoine óga ann nach bhfuair dhá dháileog MMR. Tugadh MMR isteach i 1988, agus tugadh an dara dáileog isteach i 1996. Mar sin de má rugadh tú roimh 1992 seans maith nach bhfuair tú ach an t-aon dáileog amháin de MMR.

Má cheapann tú gur amhlaidh atá do chás ba chóir go n-ofrálfaí an dara dáileog duit i dtrátha an Td/IPV. Mura dtarlaíonn, cuir ceist ar do dhochtúir nó do bhanaltra mar gheall air.

Más amhlaidh nach bhfuair tú an MMR riamh ba chóir duit dáileog amháin a bheith agat anois agus dáileog eile fá cheann trí mhí.

Is féidir le seachghalair thromchúiseacha a bheith ag an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg araon.

- Is féidir leis an bhruitíneach bheith mar chúis le hionfhabhtuithe cluaise, fadhbanna riospráide agus meiningíteas/einceifilíteas (athlasadh inchinne). Tá baol báis ann i 1 as gach 2,500 - 5,000 cás.

- Is féidir leis an leicneach bheith mar chúis bhodhrachta a mbeidh lán-téarnamh nó leath-théarnamh leis. Chomh maith leis sin is féidir leis bheith mar chúis le magairlí ata pianmhara ag buachaillí sna déaga agus ag fir agus le hathlasadh na

n-ubhagán i gcailíní sna déaga agus i mná. Ba é an chúis ba mhó a bhíodh le meiningíteas víreasach i bpáistí.

- Is féidir leis an bhruitíneach dhearg bheith mar chúis le hathlasadh inchinne agus is féidir leis tionchar a imirt ar théachtadh fola. Is féidir leis an-tionchar a bheith aige ar mhná atá ag iompar, ag tarraingt breith anabaí, nó is féidir leis fadhbanna móra a chruthú dá leanbháin mar shampla dallacht, bodhracht, agus fadhbanna croí nó dochar inchinne.

An bhfuil fáthanna ar bith ann nár chóir dom an t-imdhíonadh MMR a fháil?

Is beag fáth atá ann nár chóir duit an t-imdhíonadh MMR a fháil ach ba chóir duit an dochtúir nó an bhanaltra a chur ar an eolas má bhaineann ceann ar bith de na cásanna atá luaite ar leathanach 4 leat.

An bhfuil fó-éifeachtaí ar bith ag MMR?

Is annamh ar fad iad fo-éifeachtaí i ndiaidh MMR. Thart fá sheachtain nó deich lá i ndiaidh an imdhíonta d'fhéadfadh sé tarlú go dtiocfadh fiabhras ort, gríos atá cosúil leis an bhruitíneach agus go gcaillfidh tú do ghoile de réir mar a théann cuid na bruitíní den vacsaín i bhfeidhm ort. Seans go mbeidh cráphíanta agus píanta sna hailt agat.

Thart fá choicís i ndiaidh duit an MMR a fháil tarlaíonn sé go fíor-annamh go dtagann gríos spotaí ort mar a bheadh ballbhrúnna ann mar gheall ar an chuid bhruitíní deirge den vacsaín. Is gnách go dtagann biseach air seo go nadúrtha ach má fheiceann tú spotaí mar seo taispeáin do do dhochtúir iad. Thart fá thrí seachtaine i ndiaidh an insteallta tarlaíonn sé corruair go dtagann saghas éadrom leicní ort de réir mar a théann cuid na leicní den imdhíonadh MMR i bhfeidhm ort.

Léiríonn comparáidí a dhéantar idir fo-éifeachtaí MMR agus fo-éifeachtaí na bruitíní, na leicní agus na bruitíní deirge ar an duine gur sábháilte i bhfad an vacsaín ná na haicídí.

Bhí an-chuid scéaltaí sna meáin le blianta beaga anuas ina ndearnadh ceangail idir MMR agus an t-uathachas i leanbháin. Tá an-chuid fianaise ann, áfach, a léiríonn nach bhfuil ceangail ar bith ann. Féach ar an suíomh www.mmrthefacts.nhs.uk chun tuilleadh eolais a fháil.

Eolas a fháil ar mheiningíteas agus seipticéime

Is é is meiningíteas ann ná at chlúdach na hinchinne. Is féidir leis na frídíní céanna is cúis le meiningíteas bheith mar chúis leis an tseipticéime chomh maith. Is mór an tromchúis iad an meiningíteas agus an tseipticéime araon - is féidir leo bheith mar chúis éagumais bhuain nó báis - mar sin ní mór duit cóir leighis a lorg láithreach bonn. Mura bhfuil imdhíonadh i gcoinne meiningítis C faighte agat roimhe seo ba chóir duit seo a fháil anois. Ní thugann an MenC cosaint ach ar shaghas amháin meiningítis agus seipticéime, mar sin de ní mór duit na comharthaí agus na siomptóim a bheith ar eolas agat ar aon chuma.

Cad iad na comharthaí?

Tá na siomptóim tosaigh a bhaineann le meiningíteas agus seipticéime éadrom agus cosúil leis na cinn a bhíonn ort nuair a bhíonn ulpóg ort, is é sin go mbraitheann tú te, go mbíonn masmas ort, agus pian agat sa droim nó sna hailt. Ba chóir duit bheith ar d'aire, áfach, le haghaidh:

- muineál righin (déan cinnte go dtig leat clár d'éadain a chur le do ghlúin)
- tinneas cinn atá go dona
- nuair a ghoileann soilse ar do shúile
- nuair a éiríonn tú trína chéile (mearbhall agus seachrán ort)
- spotaí dearga nó corcra nach n-imíonn nuair a bhrúnn tú iad (déan triall na gloine mar a mhínítear taobh leis seo)
- tú ag cailleadh aithne agus urlabhra
- cosa agus lámha atá an-fhuar.

Má bhrúitear timbléar gloine go láidir i gcoinne ghríos seipticéime ní imeoidh an gríos. Beidh tú ábalta an gríos a fheiceáil tríd an ghloine. Má tharlaíonn a leithéid faigh cabhair dochtúra láithreach bonn.

Cad é ba chóir dom a dhéanamh?

Má thagann ceann amháin nó níos mó de na siomptóim seo ort faigh cabhair go práinneach. Má fhaigheann tú cóir leighis le haghaidh meiningítis agus seipticéime go gasta, is fearr an seans atá agat biseach iomlán a bheith agat.

Cá háit a bhfaighfidh mé a thuilleadh eolais?

Cuireann an Fondúireacht Taighde Meiningítis agus an tIontaobhas Meiningítis araon eolas ar fáil maidir le meiningíteas.

- Cuir glaoch ar chabhairlíne 24 uair saor in aisce an Fhundaireacht Taighde Meiningítis ar 080 8800 3344 nó cuir glaoch ar 028 9032 1283. Chomh maith leis sin is féidir leat cuairt a thabhairt ar an suíomh www.meningitis.org

- Cuir glaoch ar chabharlíne 24 uair an Iontaobhas Meiningítis ar 0845 6000 800 nó tabhair cuairt ar an suíomh www.meningitis-trust.org

Gnáthchlár imdhíontha na hóige

Aois le haghaidh imdhíontha	Na haicídí a dtugann an vacsaín cosaint orthu	Mar a thugtar é
2, 3 agus 4 mí d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis (triuch), polaimiailíteas agus Hib Meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin
Thart fá 15 mí d'aois	Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg	Instealladh amháin
3 go 5 bliain d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis (triuch) agus polaimiailíteas Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg	Instealladh amháin Instealladh amháin
14 go 18 bliain d'aois	Teiteanas, diftéire agus polaimiailíteas	Instealladh amháin

Más amhlaidh nach bhfuair tú riamh aon cheann de na vacsaíní seo níl sé rómhall in am ar bith iad a fháil. Déan cinnte ach go háirithe go bhfuil an MenC agus dhá dháileog den MMR faighte agat. Mura bhfuil do chuid vacsaíní uilig faighte agat, nó mura bhfuil tú cinnte, labhair le do dhochtúir nó le banaltra na scoile.

Má tá a thuilleadh eolais uait maidir leis an imdhíonadh tabhair cuairt ar shuíomh an DHSSPS www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó an suíomh náisiúnta imdhíonaithe www.immunisation.nhs.uk nó www.mmrthefacts.nhs.uk

Health Promotion Agency

Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

11/05